Department of Education www.deni.gov.uk AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

**Ábhar:**

**LAETHANTA TEAGAISC AGUS UAIREANTA FREASTAIL**

**Uimhir an Chiorcláin:**
2013/09

**Dáta Eisiúna:**
**11 Aibreán 2013**

---

**Spriocléitheoirí:**

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach scoil dheontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite;
- Cumann na mBord Bainistíochta;
- Ceardchumainn na Múinteoirí; agus
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna

**Feasacht Gobharnóirí:**
Riachtanach

**Stádas an Ábhair:**
Comhairle

**Cáipéisí Gaolmhara:**
**2005/8**


**Achoimre:**
Tá sé mar aidhm ag an Chiorclán seo a chur i gcuimhne do scoileanna líon na laethanta ba chóir do scoileanna bheith oscailte do dhaltaí agus an íosmhéid uaireanta teagaisc atá de dhíth ar na laethanta sin.


**Cáipéisí Dímholta:**
Ní hann dóibh

**Dáta Éaga:**
Níl bainteach

**Fiosrúcháin:**
Ba chóir aon fhiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a sheoladh chuig:


An Fhoireann Tacaíochta Curaclaim
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
Rathgill
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

**Láithreán Gréasáin na RO:**
www.education-ni.gov.uk

**Guthán: 02891 279936**

**Facs: 02891 279100**

**Ríomhphost:**
curriculum.supportteam@education-ni.gov.uk

**Líon na Laethanta Teagaisc**

1. Éilítear ar scoileanna feidhmiú ar feadh 200 lá in aghaidh na bliana fad is go n-éilítear ar mhúinteoirí lánaimseartha bheith ar fáil le hobair ar feadh 195 lá. Tugtar Laethanta Roghnacha ar na cúig lá eile nach n-éilítear ar mhúinteoirí bheith ar fáil. Is féidir na Laethanta Roghnacha Druidime a ghlacadh mar dhruidim ócáideach le linn téarmaí scoile, mar shampla, mar shíneadh le tréimhsí saoire na Cásca, na Nollag nó an tsamhraidh. Ba chóir do scoileanna tabhairt dá n-aire go bhfuil sé mar aidhm ag na Laethanta Roghnacha Druidime seo druidim a chlúdach le linn na scoilbhliana i gcúinsí speisialta, mar shampla, bás duine atá ceangailte leis an scoil nó ócáid/imeacht phleanáilte ar nós bogadh go dtí áitreabh úr/obair thógála nó lá saor eaglasta.

2. As an 195 a éilítear ar mhúinteoirí bheith ar fáil le hobair, níor chóir go mbeadh teagasc leanaí sa seomra ranga i gceist ar níos mó ná 190 lá. "Laethanta Baker" a thugann roinnt mhaith daoine sa chóras oideachais ar na cúig lá eile neamhtheagmhála agus úsáidtear iad chun críocha oiliúna.

3. Tig le scoileanna úsáid a bhaint as <u>suas go dtí</u> cúig Lá Forbartha Scoile (SDDs) chun críocha feabhsaithe scoile agus forbartha scoile/foirne. Leagtar amach na socruithe do scoileanna le húsáid a bhaint as SDDs in Ciorclán (2010/5) de chuid na RO "Laethanta Forbartha Scoile 2010/11 - 2014/15 (agus an dá dháta sin san áireamh). Ag brath ar líon na SDDs a úsáideann scoileanna, is féidir le líon na laethanta a theagasctar daltaí sa seomra ranga athrú ó 185 go dtí 190. Ba chóir do scoileanna a thabhairt dá n-aire go bhfuiltear ag súil go mbainfear úsáid as SDDs le haghaidh obair forbartha scoile/foirne le linn gnáthlaethanta scoile. Má chinneann scoil gan úsáid a bhaint as gach ceann nó cuid dá SDDs ní mór di fanacht oscailte mar is gnách do dhaltaí.

4. Is féidir líon na lathanta teagaisc a ísliú níos mó má chuireann scoil isteach ar "Druidim Eisceachtúil" agus má éiríonn léi cead a fháil ón Roinn. Bíonn druidim mar sin neamhphleanáilte agus níl neart ag údaráis na scoile orthu. Mar shampla, le linn tréimhsí drochaimsire; bás múinteora nó dalta ag an scoil; tuile nó píopaí réabtha; gearradh cumhachta; nó má tá an scoil le húsáid mar ionad vótála le haghaidh toghcháin pharlaiminteacha/rialtais áitiúil. Ní mór don Roinn Oideachais druidim mar sin a cheadú. Ba chóir gach iarratas ar "Druidim Eisceachtúil" a chur chuig: curriculum.supportteam@education-ni.gov.uk.

**Íosmhéid Uaireanta Teagaisc**

5. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gur gá an íosmhéid uaireanta a mhionsonraítear thíos a chur ar fáil ar gach ceann de na laethanta a theagasctar daltaí sa seomra ranga.

**Bunscoileanna**

6. Deir na rialacháin maidir le bunscoileanna go gciallóidh freastal freastal ar aon lá teagaisc, seachas oideachas reiligiúnach, do thréimhse nach lú ná:

- 3 huaire i gcás dalta atá cláraithe i rang atá déanta suas de dhaltaí go príomha, ag tús na scoilbhliana, nach raibh 8 mbliana d'aois bainte amach acu;

- 4.5 uair i gcás aon dalta eile.

7. Is féidir am ar bith a chaitheann dalta le dochtúir nó le fiaclóir a chur san áireamh sna tréimhsí ama thuasluaite. Lena chois sin, clúdaíonn na tréimhsí sin am ar bith a chaitheann daltaí: ag déanamh scrúduithe, ag glacadh páirte i gcluíchí eagraithe fad is nach bhfuil níos mó ná aon lá amháin in aghaidh na seachtaine i gceist agus de réir clár ama ceadaithe.

**Iar-bhunscoileanna**

8. Deir na rialacháin go gciallóidh freastal freastal ar aon lá teagaisc, seachas oideachas reiligiúnach, do thréimhse nach lú ná:

    - 3 huaire i gcás dalta atá cláraithe i rang atá déanta suas de dhaltaí go príomha, ag tús na scoilbhliana, nach raibh 8 mbliana d'aois bainte amach acu;

    - 4.5 uair i gcás aon dalta eile.

9. Is féidir am ar bith a chaitheann dalta le dochtúir nó le fiaclóir a chur san áireamh sna tréimhsí ama thuasluaite; nó am ar bith a chaitheann daltaí ag déanamh scrúduithe.

10. Má tá sé beartaithe sa chlár ama saoire leathlae a ghlacadh is féidir glacadh leis go bhfuil aon dalta faoi theagasc, seachas oideachas réiligiúach, ag freastal fad is go bhfuil sé/sí i láthair do thréimhse nach lú ná dhá uair an chloig.

**SHARON LAWLOR**
An Fhoireann Tacaíochta Curaclaim